


Is í an fheidhm atá ag na nótaí seo ná, chun tuilleadh faisnéise a thabhairt maidir le cén chaoi le dul i ngleic leis an suirbhé CensusAtSchool 2021/2022. Tá dhá leagan den suirbhé ar fáil – leagan inphriontáilte PDF agus foirm ar líne. D’fhéadfadh sé go mbeadh sé ina chabhair dá n-iarrfá ar na scoláirí an leagan clóite a chomhlánú roimh an leagan ar líne ionas gur féidir leo tomhais riachtanacha a thaifeadh roimh ré agus machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna.

Más mian leat na ceisteanna ar líne a sheiceáil sula n-iarrfaidh tú ar na scoláirí an tasc a chur i gcrích, bain úsáid as an bhfocal “TÁSTÁIL” sa bhosca “Ainm na Scoile” agus ansin beifear in ann an tsraith sin sonraí a aithint go héasca sna sonraí.



The image shows three sequential screenshots of the online form. The first screenshot is titled "Please enter your school Roll Number" and features a dropdown menu with "Please choose..." and a help icon with the text "If you do not know your school Roll Number please ask your teacher". The second screenshot is titled "Please enter your Teacher's Username" and has a text input field with an example "Eg., mkelly4416. If you do not know this, please ask your teacher". The third screenshot is titled "Please enter the name of your School" and has a text input field.

Nuair atá tú ag cur isteach uimhir rolla do scoile, tá roghchlár anuas ann ar a bhfuil na scoileanna ar fáil. Liostáiltear na hUimhreacha Rolla de réir contae. Mura féidir leat do scoil a aimsiú, abair leis na scoláirí an iontráil deiridh “Níl an Uimhir Rolla ar an liosta” a úsáid.

Úsáidfear d’ainm úsáideora chun na sonraí a chuir do scoláirí isteach a aisghabháil. Mar sin, tá sé tábhachtach go gcuireann gach duine an t-aon ainm úsáideora isteach san

aon fhormáid, i.e. litreacha cás íochtair amháin gan aon spásanna.

Ba cheart na nithe seo a leanas a lua leis na scoláirí sula ndéanann siad an suirbhé:

- Ba cheart na tomhais choirp a dhéanamh roimh ré mar go gcabhróidh sé leis an seisiún iontrála sonraí a bhrostú. Ba cheart go dtógfadh an seisiún iontrála thart ar 25 nóiméad san iomlán. Féach ar Threoir CensusAtSchool maidir le Tomhais a Ghlacadh (www.tinyurl.com/censusatschoolmeasurements). Breithnigh ar an gcaoi is fearr le tomhais a thógáil i bhfianaise na srianta Covid-19.
- D’fhéadfadh na scoláirí comparáid a dhéanamh idir ceisteanna 1, 2, 4, 5 agus sonraí [CensusAtSchool na Nua-Shéalainne](#) ó cheisteanna 1, 2, 3, 8, 9, 10, 11 ach úsáid a bhaint as an [uirlis fiosraithe do na sonraí samplacha](#)
- Meabhraigh do na scoláirí go gcaithfidh siad gach ceist éigeantach a fhreagairt ionas go mbeidh siad in ann bogadh ar aghaidh go dtí an chéad rannóg eile.

Uimh. Cheiste	Cineál Sonraí	Nótaí
1.	Catagóireach Ainmniúil	
2. a)	Uimhriúil Scoite	
2. b)	Catagóireach Orduimhriúil	Sa roghchlár anuas ar líne, tá na roghanna 1 ^ú bhliain, 2 ^ú bliain.... 6 ^ú bliain.
3.	Catagóireach Ainmniúil	
4.	Catagóireach Ainmniúil	
5.	Uimhriúil Scoite*	<p>Is é atá sa cháipéis Treoir maidir le Tomhais a Ghlacadh CensusAtSchool ná faisnéis agus léaráidí maidir le conas is féidir na tomhais atá ag teastáil don cheist seo a bhailiú.</p> <p>Ba cheart cloí le réamhchúraimí Covid-19 agus ba cheart do mhúinteoirí breithniú ar an gcaoi ab fhearr a bhféadfadh a gcuid scoláirí é seo a dhéanamh.</p> <p>*Chun críche chruthú na histeagram, d'fhéadfaí caitheamh leis na sonraí anseo (agus i gCeist 11a) mar a bheadh sonraí uimhriúla leanúnacha ann.</p>
6. a)	Uimhriúil Scoite	
6. b)	Uimhriúil Scoite	
7.	Uimhriúil Scoite	Is ó <i>Cork Healthy Cities</i> a thagann an cheist seo agus is tomhas bailíochtaithe féintuarascála é de ghníomhaíocht choirp.
8. a)	Uimhriúil Scoite	<p>Tabhair faoi deara go gcaithfear an dá cheist seo a chur le chéile leis an téacs tosaigh seo a leanas. Nochtfar an téacs tosaigh seo sa leagan ar líne den cheistneoir.</p> <p>Clúdaíonn Gníomhaíocht Choirp aon ghluaiseacht choirp. Féadfar é a dhéanamh ar leibhéal dhifriúla stró:</p> <ul style="list-style-type: none"> ● Stró meánach cuireann stró meánach níos mó dlúis le do ráta croí agus le d'análú ná mar is iondúil. B'fhéidir go gcuirfeá beagán allais freisin. Is samplaí maithe iad siúl tapa agus bogshodar. ● Stró Dian déanann stró dian do ráta croí i bhfad níos tapa agus caithfidh tú anáil níos doimhne agus níos tapa ná mar is iondúil. Is

Census at School 2021-2022

Nótaí an Mhúinteora

		<p>dóigh go cuirfidh tú allas. Is samplaí maithe iad peil nó leadóg a imirt.</p> <p>Tá siad seo i leanas i measc na nithe atá i gceist le gníomhaíocht choirp:</p> <p>Cleachtadh: Reathaíocht, damhsa etc...</p> <p>Spóirt: Cispheil, peil, lúthchleasaíocht, snámh etc.</p> <p>Ginearálta: Siúl thapa, ag ní an ghluaisteáin, siúl nó rothaíocht ar scoil etc.</p>
8. b)	Uimhriúil Scoite	<p>Tagann ceisteanna 8 a) agus b) ón CSPPA an Staidéar ar Rannpháirtíocht i Spórt agus Gníomhaíocht Fhisiciúil i measc Leanaí (<i>The Children's Sport Participation and Physical Activity Study</i>) Is í an tairbhe a bhaineann leis an gceist seo a chur san áireamh ná, go gcuirfidh sé ar chumas na scoileanna a dtorthaí a chur i gcomparáid leis an meán náisiúnta in 2018 agus in 2010. Is féidir an tuairisc CSPPA a aimsiú anseo le haghaidh eolais https://www.sportireland.ie/sites/default/files/2019-11/csppa-2018-final-report.pdf.</p> <p>Is féidir an tacar sonraí agus an foclóir sonraí a fháil ar an suíomh gréasáin ISDDA anseo: https://www.ucd.ie/issda/data/csppa/csppa1718/</p>
9. a)	Catagóireach Ainmniúil	
9. b)	Catagóireach Ainmniúil	<p>Roghanna freagra:</p> <p>Gníomhaíochtaí eachtraíochta (e.g. treodóireacht, curachóireacht), aeróbaic, lúthchleasaíocht, badmantan, daorchluiche nó cluiche corr, cispheil, camógaíocht, reathaíocht trastíre, damhsa, peil ghaelach, gleacaíocht, liathróid láimhe, haca, marcaíocht capaill, iománaíocht, ealaíona comhraic, rugbaí, sacar, scuais, surfáil, snámh, leadóg, trí-atlan, eitpheil, traenáil meáchan, gníomhaíochtaí eile nach bhfuil ar an liosta (tabhair sonraí), Ní ball mé d'aon chlub spóirt nó gníomhaíochta.</p>
10.	Catagóireach Orduimhriúil*	D'fhéadfadh sé gur catagóireach ainmniúil iad na sonraí seo freisin
11 a)	Uimhriúil Scoite	
11. b)	Uimhriúil Scoite	
12.	Catagóireach Ainmniúil	
13. a)	Catagóireach Ainmniúil	

13. b)	Catagóireach Ainmniúil	
14.	Uimhriúil Scoite	<p>Áirítear sna roghanna:</p> <ul style="list-style-type: none"> - Ag breathnú ar chláir theilifíse - Ag éisteacht le cláir raidió - Ar fhón póca <p>Ar do ríomhaire/iPad/tháibléad Ag imirt cluichí ar ríomhaire/chonsól cluichí</p>
15.	Gníomhaíocht rangaithe:	Tagann an cheist seo ó Webwise Éireann
16. a)	Uimhriúil Scoite	<p>D'fhéadfadh C16a agus 16b freagra mothúchánach a fháil Ba cheart go gcuirfeadh múinteoirí na scoláirí ar an eolas faoi na ceisteanna seo sula gcuireann siad an ceistneoir ar líne i gcrích. Ba cheart go seiceálfadh na múinteoirí freagraí an ranga ach sonraí an ranga a íoslódáil ó shuíomh CensusAtSchool. Má thaispeánann na freagraí táscairí ardleibhéal thionchar na folláine, d'fhéadfaí idirghabhálacha don rang uile a chur i bhfeidhm ach dul i bpáirtíocht leis an múinteoir</p> <p>OSPS/Treoirchomhairleoir/ceannairí bliana/bainistíocht na scoile ar mhaithe le tacaíocht a thabhairt don rang uile maidir le cén chaoi le déileáil le folláine.</p> <p>Is iad samplaí de thacaíochtaí úsáideacha ná:</p> <ul style="list-style-type: none"> - HSE – Sláinte agus Folláine - SFGM – Sláinte agus Folláine - Meabhairshláinte Éireann - Mental Health Educate - SFGM Cosaint Leanáí
16. b)	Uimhriúil Scoite	
17.	Catagóireach Ainmniúil	
18. a)	Catagóireach Ainmniúil	Is é Catar an freagra ceart.
18. b)	Uimhriúil Scoite	Is é 64 an freagra ceart. 48 gcluiche grúpa, 8 gcluiche ochtú ceannais, 4 chluiche ceathrú ceannais, 2 chluiche leathcheannais, cluiche réitigh don 3ú/4ú háit agus an cluiche ceannais.
19.	Catagóireach Ainmniúil	

Sonraí Aonathráideacha agus Sonraí Dé-athráideacha

Sonraí Aonathráideacha:

Is féidir na cineálacha anailíse grafaí seo a leanas a úsáid le haghaidh sonraí aonathráideacha:

Cineál Sonraí	Línebhreacadh	Barrachairt	Tábla Minicíochta	Histeagram	Píchairt	Léaráid ghais is duillí
Catagóireach	✓	✓	✓		✓	
Scoite Uimhriúil	✓	✓	✓		✓	✓
Leanúnach Uimhriúil	✓		✓	✓		✓

Sonraí dé-athráideacha: Is féidir le scoláirí scaipghraim a tharraingt chun imscrúdú a dhéanamh ar ghaol idir dhá athróg, mar shampla, airde agus síneadh ingearach, etc.